



An Roinn Oideachais
Department of Education

Filleadh ar scoil: Tuairisc ar chinntí suirbhéanna i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta Nollaig 2020

An Chigireacht
An Roinn Oideachais
Feabhra 2021

Clár Ábhar

1. Réamhrá	3
2. Modheolaíocht	4
2.1 Dearadh an tsuirbhé	4
2.2 Sampla sonraí	4
2.3 An líon freagraithe	5
2.4 Teorainneacha na suirbhéanna	6
2.4 Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuairisc seo	6
2.5 Anailís ar shonraí	6
3. Forbhreathnú ar chinntí an tsuirbhé de réir an chineáil freagraí	7
3.1 An suirbhé ar phríomhoidí	7
3.2 An suirbhé ar mhúinteoirí	7
3.3 An suirbhé ar fhoghlaimoirí	7
3.4 An suirbhé ar thuismitheoirí	8
3.5 Achoimre ar na tráchtanna freagra oscailte	8
4. Cinntí mionsonraithe de réir téama	10
4.1 Eispéireas na scoileanna	10
4.2 Folláine	12
4.3 An Teagasc agus an Fhoghlaim	13
4.4 Bearta COVID-19 a chur chun feidhme	16
5. Cinntí agus conclúidí	19
5.1 Príomhchinntí	19
5.2. Príomhchonclúidí	21
Aguisín 1: Sonraí cáilíochtúla ó bhunscoileanna agus ó scoileanna speisialta	22
Aguisín 2: Sonraí cainníochtúla ó bhunscoileanna agus ó scoileanna speisialta	24

1. Réamhrá

Sa tuairisc seo, cuirtear i láthair anailís ar shonraí ó roinnt suirbhéanna a rinne an Chigireacht i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta le linn na tréimhse ón 09 Nollaig go dtí an 15 Nollaig 2020. Tá sí ar cheann amháin de shraith tuairiscí ar ghníomhaíocht taighde na Cigireachta i scoileanna le linn na scoilbhliana 2020/21. Áirítear leo sin tuairisc ar na cinntí ó shuirbhéanna comhchosúla a rinneadh i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2020.

2. Modheolaíocht

2.1 Dearadh an tsuirbhé

Seoladh suirbhéanna ar líne chuig sampla randamach foghlaimeoirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus príomhoidí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta ar fud na tíre. Bhí ceisteanna an tsuirbhé bunaithe ar cheithre phríomhthéama:

Tábla 1: Téamaí an tSuirbhé

1) Eispéireas na scoileanna
2) Folláine
3) An teagasc agus an fhoghlaim
4) Bearta COVID-19 a chur chun feidhme

Freagraí gan ainm a bhí sna freagraí uile a fuarthas. Rinneadh sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a d'eascair as gach ceann de na suirbhéanna a anailísiú agus a úsáid chun an tuairisc seo a chur le chéile.

Bhí sé mar chuspóir leis na suirbhéanna:

- Forbhreathnú a thabhairt ar na nithe ar éirigh go maith leo i scoileanna agus ar na dúshlán a raibh na scoileanna ag dul i ngleic leo le linn na tréimhse sin, agus iad leagtha amach faoi cheithre phríomhthéama.
- Sainithint a dhéanamh ar na saincheisteanna sonracha atá ábhartha (i) don earnáil bunscoileanna agus (ii) don earnáil scoileanna speisialta.

2.2 Sampla sonraí

Tugadh faisnéis faoi na suirbhéanna do phríomhoidí na scoileanna a roghnaíodh le haghaidh páirt a ghlacadh iontu. Seoladh nasc chuig na suirbhéanna ina dhiaidh sin chuig scoileanna an 09 Nollaig 2020 agus iarradh ar phríomhoidí cabhrú leis na nasc ar líne chuig na suirbhéanna ábhartha a dháileadh ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí. Seoladh chuig tuismitheoirí an nasc chuig an tsuirbhé ar líne d'fhoghlaimeoirí a bhí le cur i gcrích sa bhaile ag foghlaimeoirí. Bhí na suirbhéanna ar líne ar oscailt do fhreagraithe go dtí an 15 Nollaig 2020.

Áiríodh leis an sampla scoileanna a roghnaíodh scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna atá páirteach sa chlár *Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna* (DEIS), arb é plean gníomhaíochta na Roinne don chuimsiú oideachais é. Bhí an tsuirbhé ar fáil i nGaeilge

agus i mBéarla. Úsáideadh sampla difriúil le haghaidh gach grúpa freagraithe.¹ Cuireadh as an áireamh ón tsampláil na scoileanna a ghlac páirt sna suirbhéanna a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2020.

2.3 An líon freagraithe

Léirítear i dTábla 2 thíos an líon freagraithe ar gach suirbhé:

Tábla 2: An líon freagraithe ar gach suirbhé		
An cineál suirbhé	An líon bunscoileanna agus scoileanna speisialta a ndeachthas i dteagmháil leo roimh dháileadh na suirbhéanna	An líon freagraí a fuarthas de réir an chineáil suirbhé
Príomhoide	50	37
Múinteoir	32	184
Foghlaimoir	34	857
Tuismitheoir	33	1,223

Iarradh ar thuismitheoirí an suirbhé a chomhlánú i leith aon linbh/leanaí ina dteaghlach atá ag freastal ar bhunscoil nó ar scoil speisialta. Rannchuidigh sé sin leis an líon ard freagraí a fuarthas ar na suirbhéanna tuismitheoirí.

Ba mhó an líon cailíní ná an líon buachaillí a thug freagra ar na suirbhéanna foghlaimoirí. Dáileadh na freagraí go cothrom, beagnach, ar fud na ngrúpaí ranga ó rang a trí go rang a sé. Príomhoidí teagaisc a bhí i bpas beag níos mó ná leath (51%) na bpríomhoidí bunscoile a thug freagra. Den chohórt iomlán príomhoidí bunscoile, bhí céatadán beag (16%) ina scoileanna a bhfuil stádas ainmnithe DEIS acu. Ba ag obair i scoileanna a bhfuil stádas sannta DEIS acu a bhí cúigiú amháin (20%) de na múinteoirí bunscoile a thug freagra.

¹ Mar shampla, i Scoil A, iarradh ar phríomhoidí an suirbhé príomhoidí a chomhlánú ach níor iarradh ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí ná ar fhoghlaimoirí déanamh amhlaidh. I Scoil B, iarradh ar mhúinteoirí an suirbhé múinteoirí a chomhlánú, ach níor iarradh ar phríomhoidí, ar thuismitheoirí ná ar fhoghlaimoirí déanamh amhlaidh.

Bhí tromlach na múinteoirí bunscoile (69%) ina múinteoirí ranga príomhshrutha, bhí ceathrú amháin díobh (25%) ag obair mar mhúinteoirí oideachais speisialta agus bhí an chuid eile ag obair i ranganna speisialta nó i róil éagsúla eile.

2.4 Teorainneacha na suirbhéanna

Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann na sonraí le suirbhéanna ar phríomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimoirí a chomhlánaigh na suirbhéanna i bhfianaise a n-eispéireas ó thús na scoilbhliana i mí Mheán Fómhair i leith. Tá seans ann go bhfuil athrú tagtha ar dhearcthaí agus ar thosaíochtaí i bhfianaise imthosca a tháinig chun cinn ó shin i leith. B'íseal a bhí an líon freagraí ar an suirbhé i scoileanna speisialta. I gcás nach bhfuarthas ach roinnt bheag freagraí ar mhíreanna sonracha suirbhé, cumascadh na sonraí ó fhreagraithe ó bhunscoileanna agus ó scoileanna speisialta.

2.4 Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuairisc seo

Baineadh úsáid as na tuairisceoirí seo a leanas le linn téarmaí cainníochtúla a úsáid sa tuairisc seo:

Tábla 3: Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear	
I mbeagnach gach cás	Níos mó ná 90%
Don chuid ba mhó	75% – 90%
Tromlach	51% – 74%
Leath	50%
Níos lú ná leath / mionlach suntasach	25% – 49%
Líon beag / níos lú ná ceathrú	16% – 24%
I gcúpla cás	Níos lú ná 15%

2.5 Anailís ar shonraí

Anailísíodh sonraí cainníochtúla trí bhogearraí suirbhéireachta a úsáid. Anailísíodh sonraí cáilíochtúla trí anailís théamach a úsáid. Rinneadh na sonraí a chóimheas, a athbhreithniú agus a úsáid ina dhiaidh sin chun an tuairisc seo a chur le chéile.

3. Forbhreathnú ar chinntí an tsuirbhé de réir an chineáil freagraí

3.1 An suirbhé ar phríomhoidí

Tríd is tríd, chuir na príomhoidí a thug freagra ar an suirbhé in iúl go raibh scoileanna ag feidhmiú go héifeachtach sna himthosca reatha. De bhreis air sin, mheas siad go raibh ag éirí leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ina scoileanna. Tugadh tacaí breise isteach chun tacú le folláine ball foirne agus foghlaimeoirí. Bhí ardáin dhigiteacha i bhfeidhm ag geall le gach scoil, agus bhí an chuid ba mhó de mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí cleachta leis na hardáin sin a úsáid. Chuir príomhoidí in iúl go ndearnadh socruithe chun a chinntiú go bhféadfadh foghlaimeoirí leanúint lena gcuid foghlama i gcás dúnadh scoile páirteach nó iomlán. Mheas príomhoidí go raibh bearta chun leathadh COVID-19 i scoileanna a chosc á gcur chun feidhme go rathúil. Bhain na dúshlán choitianta a luadh leis an raon tacaí a bhí ar fáil don phríomhoide ó thaobh folláine de. Bhí sé ina dhúshlán mór do chéatadán suntasach de phríomhoidí fós cumhdach ionaid a rochtain nuair a bhí múinteoir as láthair ón scoil.

3.2 An suirbhé ar mhúinteoirí

D'aontaigh an chuid ba mhó de mhúinteoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta go raibh a scoil ag feidhmiú go héifeachtach agus chuir siad in iúl go raibh siad ag déileáil go maith lena ról teagaisc ó athosclaíodh na scoileanna. Fuair siad rochtain ar acmhainní ar líne chun tacú lena gcuid teagaisc agus bhí an chuid ba mhó díobh sásta le dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí. Bhain tromlach na múinteoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta úsáid as ardáin dhigiteacha ar bhonn rialta. Tuairiscíodh leibhéal dhifriúla eolais maidir le cineálacha cumais na bhfoghlaimeoirí chun na hardáin dhigiteacha sin a úsáid. D'ainneoin na mbeart a cuireadh chun feidhme chun leathadh COVID-19 i seomraí ranga a chosc, chuir tromlach na múinteoirí in iúl go raibh siad sásta lena gcuid teagaisc agus leis an dóigh a raibh foghlaimeoirí ag gabháil do na ceachtanna. Chuir roinnt múinteoirí in iúl go raibh teorainn leis na modheolaíochtaí a d'fhéadfadh siad a úsáid de bharr thabhairt isteach na mbeart scartha fhisiciúil i scoileanna. Chuir líon beag múinteoirí i scoileanna speisialta agus i mbunscoileanna in iúl nár mhothaigh siad sábháilte ina scoil.

3.3 An suirbhé ar fhoghlaimeoirí

Ar an iomlán, ba dhearfach a bhí na freagraí ó fhoghlaimeoirí. Chuir siad in iúl go mór go raibh áthas orthu bheith ar ais ar scoil agus go raibh siad sásta lena n-eispéiris scoile, lenar áiríodh deiseanna le súgradh lena bpiaraí. Ba dhearfach den chuid ba mhó a bhí na freagraí ó fhoghlaimeoirí i dtaca leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim freisin. D'aontaigh an chuid ba mhó d'fhoghlaimeoirí go raibh áthas orthu bheith ar scoil agus go raibh ag éirí go maith

lena bhfoghlaím. D'aontaigh siad, tríd is tríd, go raibh an chuid ba mhó de dhaoine ina rang ag cloí leis na rialacha de chuid na scoile a raibh mar aidhm leo leathadh COVID-19 a chosc agus go raibh siad ag cloí le scaradh fisiciúil.

3.4 An suirbhé ar thuismitheoirí

Ar an iomlán, chuir thuismitheoirí in iúl go raibh áthas ar a leanaí bheith ar ais ar scoil agus gur shocraigh a leanaí go maith isteach sa scoil sa chéad téarma. D'aontaigh siad go raibh a leanaí ag déanamh dul chun cinn ina gcuid foghlama. Chuir thuismitheoirí in iúl go ndearna scoileanna dea-chumarsáid faoi na bearta atá i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a chosc agus go raibh siad sásta go raibh scoileanna ag obair go cuí chun tarchur an víris a mhaolú.

3.5 Achoimre ar na tráchtanna freagra oscailte

Áiríodh leis na suirbhéanna ar phríomhoidí, ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí bosca freagra oscailte a raibh freagrú in ann é a úsáid chun trácht breise a sholáthar. Cuirtear i láthair sna táblaí in Aguisín 1 forbhreathnú ar raon agus minicíocht an tráchta sin.

Roghnaigh naoi bpríomhoide is fiche tráchtanna a sholáthar sa bhosca téacs oscailte. Cumhdaíodh réimsí éagsúla sna tráchtanna sin. Ba iad seo na topaicí ba mhó lua: trácht dearfach ar athoscailt rathúil agus gnáthoibriú rathúil na scoile; agus trácht diúltach ar fholláine phobal na scoile. Thug 269 dtuismitheoir san iomlán tuairimí. Ba iad seo na réimsí ba mhó tagairt: moladh d'obair na scoile; na dúshláin a bhaineann leis na bearta éagsúla atá i bhfeidhm in aghaidh COVID-19; agus ábhair imní a bhaineann le folláine foghlaim. Thug naoi múinteoir is daichead tráchtanna. Ba iad seo na míreanna ba mhó lua² sna tráchtanna sin in ord a minicíochta: ábhair imní a bhaineann le sábháilteacht bhraite na scoile; ábhair imní a bhaineann le folláine; agus saincheisteanna a bhaineann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaím.

Tugtar samplaí sa bhosca thíos den trácht a thug freagrú:

Tá ag éirí go geal leis an scoil. (Tuismitheoir le leanbh ó scoil speisialta)

Ba mhaith liom na baill foirne uile a mholadh as a n-obair dhícheallach ar a chinntiú go bhféadfadh an scoil athoscailt go sábháilte agus ar shábháilteacht laethúil gach duine i bpobal na scoile a chinntiú. Tá mo leanbh socráithe, sásta agus sábháilte. Mar thuismitheoir, ceapaim go bhfuil foireann na scoile ag déanamh a díchill timpeallacht shona shábháilte foghlama a chruthú ag an am doiligh seo. (Tuismitheoir le leanbh bunscoile)

² Tugadh 'tuairimí ginearálta' ar an dara cineál míre ba mhó tuairisc. Bhí siad sin de chineál fadréimhseach agus bhí siad lasmuigh de raon feidhme na tuairisce seo.

Tá idir bhaill foirne agus fhoghlaimoirí ag déanamh an-iarracht an scoil a réachtáil ar an mbealach is réidhe is féidir sna himthosca reatha. (Múinteoir ó scoil speisialta)

Tá an príomhoide, an fhoireann teagaisc, an fhoireann choimhdeach, an bord bainistíochta, an cumann tuismitheoirí agus na daltaí ag obair go héifeachtach le chéile ó mhí Mheán Fómhair i leith chun timpeallacht suaimhnis, sábháilteachta agus comhair a choinneáil ar bun sa scoil. Tá an mheanma fós ard agus táim buíoch go bhfuilim in ann teacht chun na hoibre gach lá. (Múinteoir ó bhunscoil)

Sílim go bhfuil áthas ar na leanaí agus ar thromlach na mball foirne bheith ar ais ar scoil. (Príomhoide ó bhunscoil)

4. Cinntí mionsonraithe de réir téama

4.1 Eispéireas na scoileanna

Tugtar le fios sna freagraí ar na suirbhéanna a fuarthas ó fhoghlaimoirí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí go raibh scoileanna ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach le linn an chéad téarma den scoilbhliain 2020/21, tar éis dóibh athoscailt go rathúil i mí Mheán Fómhair 2020. Tugtar le fios sna freagraí ar na suirbhéanna freisin go raibh eispéireas na scoileanna dearfach den chuid ba mhó do phobal na scoile. Chuir príomhoidí agus múinteoirí in iúl go raibh a scoileanna ag feidhmiú go héifeachtach agus go raibh siad ag obair go rathúil ina róil faoi seach. Sholáthair an Roinn Oideachais raon cuimsitheach treorach chun tacú leo ina gcuid oibre. Áiríodh leis na hacmhainní a soláthraíodh treoir maidir le plean freagartha COVID-19 a fhorbairt maidir le hathoscailt shábháilte scoileanna, oiliúint do bhaill foirne scoile, agus comhairle maidir le rialacháin sláinteachais agus sábháilteachta sa timpeallacht scoile.³ Léiríodh sna freagraí ar na suirbhéanna a fuarthas ó phearsana scoile go bhfuair siad rochtain ar na doiciméid sin.

Rinne an chuid ba mhó de na tuismitheoirí le foghlaimoirí i mbunscoileanna (95%) nó i scoileanna speisialta (93%) a aontú nó a aontú go mór gur shocraigh a leanbh go maith isteach sa scoil sa tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020. Chuir céatadán comhchosúil tuismitheoirí le foghlaimoirí i scoileanna speisialta (92%) agus i mbunscoileanna (96%) in iúl gur thacaigh múinteoirí agus baill foirne lena leanbh socrú isteach sa scoil le linn na tréimhse sin. Ba í seo an tuairim a bhí ag tuismitheoirí amháin le leanbh bunscoile, *‘Tá jab iontach á dhéanamh ag múinteoirí i [scoil ainmnithe] ... Tá na leanaí sásta agus socair. Tá an-áthas orm gur féidir leo tabhairt faoi fhoghlaim ar an láithreán lena bpiaraí. Is mór ag na leanaí bheith ina dtimpeallacht scoile.’* Maidir le heispéiris na ndaltaí i rang na naíonán sóisearach, luaigh geall le gach duine (93%) de na sé tuismitheoirí is caoga a thug freagra gur aistrigh a leanbh go rathúil isteach sa bhunscoil agus gur shocraigh siad go maith isteach ina rang nua. D’aontaigh geall le gach duine de na tuismitheoirí le foghlaimoirí i scoileanna speisialta (96%) agus leo sin i mbunscoileanna (98%) go raibh a leanbh in ann taisteal go sábháilte chuig an scoil agus uaithe araon.

Léirigh foghlaimoirí ardleibhéil sástachta lena n-eispéiris scoile le linn an chéad téarma den scoilbhliain 2020/21. D’aontaigh an chuid ba mhó d’fhoghlaimoirí (80%) go raibh siad sásta bheith ar scoil.⁴ Chuir pas beag níos lú ná cúigiú amháin d’fhoghlaimoirí (17%) in iúl go

³ Tá an raon iomlán doiciméad treorach a sholáthair an Roinn chun tacú le hathoscailt bunscoileanna agus scoileanna speisialta ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://www.gov.ie/ga/foilsiuuchan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/>.

⁴ B’íseal a bhí an líon freagraí ar an suirbhé i scoileanna speisialta. I gcás nach bhfuarthas ach roinnt bheag freagraí ar mhíreanna sonracha suirbhé, cumascadh na sonraí ó fhreagraithe ó bhunscoileanna agus ó scoileanna speisialta. I roinnt cásanna, amháin an sampla thuas, agus i roinnt chinntí ina dhiaidh sin, níor

raibh siad éiginnte faoina dtuairimí ar iad a bheith ar scoil. Cé nár iarradh ar fhoghlaimoirí sna suirbhéanna tuilleadh mionsonraí a thabhairt faoina bhfreagraí, tugtar le fios sna tráchtanna ó roinnt tuismitheoirí go bhféadfadh go ndearnadh difear diúltach d'eispéireas roinnt foghlaimoirí sa scoil mar thoradh ar bhearta a bhain le COVID-19 a chosc, amhail bearta breisithe sláinteachais, díghalraithe agus aerála, agus mar thoradh ar leibhéal mhéadaithe inmí i measc leanaí roimh an víreas. Ba í seo an tuairim a bhí ag tuismitheoirí amháin le leanbh bunscoile, *'Ceapaim go bhfuil roinnt inmí ar m'íníon ... mar thoradh ar an eagla roimh Covid, ach tá an scoil ag déanamh á seacht ndícheall seasmhacht a choinneáil ar bun dóibh sa scoil.'* Dá ainneoin sin, d'aontaigh an chuid ba mhó d'fhoghlaimoirí i scoileanna speisialta (86%) agus geall le gach tuismitheoir le daltaí i mbunscoileanna (91%) go raibh a leanaí sásta bheith ar ais ar scoil. Mhol tuismitheoirí amháin le daltaí bunscoile scoil a leanaí, á rá go ndearna an scoil, *'a dualgas agus níos mó ná sin chun a chinntiú go bhfuil eispéireas scoile den scoth ag mo bheirt leanaí. Tá an bheirt acu socraithe síos go maith agus ag baint taitneamh as a gcuid staidéir agus as bheith ar ais ar scoil.'* Is díol suntais é nár chuir ach roinnt an-bheag tuismitheoirí⁵ in iúl go raibh a leanaí míshásta bheith ar ais ar scoil.⁶

Ar an iomlán, bhí an fillleadh ar an scoil ina eispéireas rathúil dearfach do phríomhoidí agus do mhúinteoirí. D'ainneoin na ndúshlán, rinne geall le gach príomhoide (96%) a aontú nó a aontú go mór gur fheidhmigh scoileanna go héifeachtach ar fud an téarma. D'aontaigh múinteoirí freisin gur fheidhmigh scoileanna go héifeachtach ar fud an téarma, agus thug geall le gach múinteoir (96%) i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta freagra dearfach ar an mír sin den suirbhé. Mhol múinteoirí amháin i scoil speisialta iarrachtaí phobal a scoile mar a leanas, *'Tá idir bhail foirne agus dhaltaí ag déanamh an-iarracht chun an scoil a reáchtáil ar an mbealach is réidhe is féidir sna himthosca reatha'*. Chuir an chuid ba mhó de phríomhoidí (76%) in iúl go raibh siad ag comhlíonadh a ról ceannaireachta go rathúil ó athosclaíodh a scoil. D'aontaigh an chuid ba mhó de mhúinteoirí bunscoile (88%) agus geall le gach múinteoir i scoileanna speisialta (92%) go raibh siad ag déileáil go maith lena róil teagaisc. Ba í seo an tuairim a bhí ag múinteoirí amháin, *'Tá an príomhoide, an fhoireann teagaisc, an fhoireann choimhdeach, an bord bainistíochta, an cumann tuismitheoirí agus na daltaí ag obair go héifeachtach le chéile ó mhí Mheán Fómhair i leith chun timpeallacht suaimhnis, sábháilteachta agus comhair a choinneáil ar bun sa scoil. Tá an mheanma fós ard agus táim buíoch go bhfuilim in ann teacht chun na hoibre gach lá.'*

Ag ullmhú don athoscailt scoileanna i mí Mheán Fómhair di, d'eisigh an Roinn Oideachais roinnt doiciméad agus tacaí chun cabhrú le scoileanna athoscailt. Áiríodh leo sin plean freagartha COVID-19 maidir le hathoscailt shábháilte scoileanna; oiliúint agus acmhainní; tacaí don earnáil oideachais speisialta; comhairle maidir le conas cloí le rialacháin COVID-

im dhealaíodh na sonraí chun idirdhealú a dhéanamh idir freagraí ó scoileanna speisialta agus freagraí ó bhunscoileanna.

⁵ Níor chuir aon tuismitheoir le foghlaimoirí i scoil speisialta in iúl go raibh a leanbh míshásta ar scoil. B'ionann agus 5% an céatadán inchomparáide ag an leibhéal bunscoile.

19 sa timpeallacht scoile; agus treoir maidir le cláir foghlama agus scoile. D'aontaigh pas beag níos mó ná leath na bpríomhoidí a ndearnadh suirbhé orthu (54%) go raibh siad sásta leis an raon tacaí a bhí ar fáil dóibh. Cé gur chuir tromlach na bpríomhoidí (57%) in iúl go raibh siad in ann cumhdach ionaid a rochtain gach uair a bhí múinteoir as láthair, chuir níos mó ná dhá chúigiú de phríomhoidí (43%) in iúl go raibh deacrachtaí acu cumhdach a fháil nuair a bhí múinteoirí as láthair. Léiríodh an deacracht sin freisin sna freagraí cáilíochtúla a fuarthas ó phríomhoidí, agus luaigh duine amháin díobh an méid seo, *'tá ionadú múinteoirí ina fhadhb mhór agus ina ábhar inní dom mar phríomhoide'*.

4.2 Folláine

Leagadh béim sna doiciméid treorach a cuireadh ar fáil do scoileanna nach mór do scoileanna tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun tacú le folláine foghlaimeoirí agus ball foirne. Tugtar le fios san fhianaise ón suirbhé seo gur baineadh an-chuid ratha amach ina leith sin.

Dheimhnigh geall le gach príomhoide (95%) gur chuir a scoil tacaí breise i bhfeidhm ar mhaithe le folláine foghlaimeoirí. Chuir an chuid ba mhó de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (88%) agus i mbunscoileanna (81%) in iúl go raibh siad sásta leis an tacaíocht a bhí á tabhairt ag a scoil ar mhaithe le folláine foghlaimeoirí i gcomhthéacs COVID-19. Chuir múinteoir amháin síos ar an dóigh ar éirigh le foghlaimeoirí dul i dtaithí ar an gcomhthéacs athraithe, *'Shocraigh na leanaí go maith isteach sa scoil agus tá na hathruithe (ní láimhe, faighneoga, etc.) ag teacht go nádúrtha leo ag an am seo'*.

Chuir tuismitheoirí ardleibhéil sástachta in iúl freisin leis na tacaí a thug scoileanna ar mhaithe le folláine foghlaimeoirí. Chuige sin, d'aontaigh geall le gach tuismitheoir le foghlaimeoirí i scoileanna speisialta (96%) agus an chuid ba mhó de thuismitheoirí ag an leibhéal bunscoile (84%) go raibh múinteoirí agus baill foirne ag tacú le folláine a linbh. Bhí an-mholadh do mhúinteoirí agus do bhaill foirne le feiceáil sna tráchtanna a thug tuismitheoirí. Luaigh tuismitheoir amháin go ndearna scoil a linbh *'a dualgas agus níos mó ná sin agus bearta á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme aici chun leathadh COVID a chosc'*. Chuir tromlach na dtuismitheoirí le foghlaimeoirí i scoileanna speisialta (71%) agus an chuid ba mhó de thuismitheoirí ag an leibhéal bunscoile (83%) in iúl go bhfuil siad ar an eolas faoi na tacaí a bheidh ar fáil má bhíonn inní orthu faoi fholláine a linbh. Dheimhnigh geall le gach foghlaimeoir (93%) gurbh eol dóibh cén duine sa scoil lenar féidir leo labhairt má bhíonn ábhair inní acu.

Tugadh le fios i dteagmhálacha na Cigireachta le príomhoidí le linn seisiún comhairleach a seoladh ar fud an chéad téarma den scoilbhliain 2020/21 gur bhain a lán scoileanna leas as acmhainní ar ullmhaigh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) iad lena n-úsáid ag pearsana scoile le linn COVID-19. Tugadh le fios sna freagraí ar an suirbhé ó phríomhoidí gur chuir an chuid ba mhó de scoileanna (84%) tacaí breise i bhfeidhm ar mhaithe le folláine ball foirne. Bhí geall le gach múinteoir i scoileanna speisialta (92%) agus céatadán comhchosúil de mhúinteoirí i mbunscoileanna (89%) sásta leis na tacaí a bhí i

bhfeidhm ina scoil chun soláthar a dhéanamh dá bhfolláine i gcomhthéacs na paidéime. Chuir céatadán beag de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (4%) agus i mbunscoileanna (11%) in iúl nach raibh siad sásta leis na tacaí a bhí i bhfeidhm ag a scoil chun soláthar a dhéanamh dá bhfolláine. Thug múinteoir bunscóile amháin achoimre ar na dúshlán a raibh pobal na scoile ag déileáil leo, á rá go *'mothaím sábháilte toisc go n-ithim mo lón i m'aonar agus nach mbíonn aon teagmháil agam le múinteoirí eile go minic, ach fágann sé sin go bhfuil an post rí-uaigneach agus rí-aonarach'*.

Mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart méadaithe sláinteachais agus díghalraithe i scoileanna, chuir an chuid ba mhó de phríomhoidí (78%) in iúl go mothaíonn siad sábháilte ar scoil. Rinne céatadán comhchosúil de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (78%) agus de mhúinteoirí i mbunscoileanna (77%) a aontú nó a aontú go mór go mothaíonn siad sábháilte ar scoil. Mhol múinteoir amháin i mbunscoil obair an phríomhoide, agus an méid seo á rá ag an múinteoir, *'Rinne ár bpríomhoide an-obair chun ár scoil a dhéanamh sábháilte'*. Maidir le sonraí ó na suirbhéanna, luaigh céatadán beag (4%) de mhúinteoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta nach mothaíonn siad sábháilte ina scoil. Sna tráchtanna uathu, luaigh roinnt múinteoirí na deacrachtaí a bhaineann le coinneáil sábháilte. Dúirt múinteoir bunscóile amháin, *'Ceapaim go bhfuil sé doiligh scaradh sóisialta a choinneáil ar bun i measc daltaí'*. Leagadh béim i gcuid mhaith de na tráchtanna ó mhúinteoirí ar thionchar na gceanglas méadaithe aerála a eascraíonn as prótacail COVID. Ba í seo an tuairim a bhí ag múinteoir amháin, *'Tá sé go hainnis ar fad bheith chomh fuar seo'*. Bhí ábhair imní den chineál céanna le feiceáil i dtráchtanna ó thuismitheoirí, *'Tá triúr leanaí agam sa bhunscoil'*, arsa thuismitheoir amháin, *'tá gach duine díobh sioctha ar scoil, agus a lán ciseal breise éadaí orthu'*.

4.3 An Teagasc agus an Fhoghlaim

Léirítear in athbhreithniú ar shonraí ó na suirbhéanna go ndearna príomhoidí agus pobail scoile an-iarracht timpeallacht thacúil a sholáthar le haghaidh an teagaisc agus na foghlama.

Is é an toradh atá ar chomhoibriú le comhghleacaithe go dtéitear chun tairbhe do chleachtas gairmiúil na múinteoirí agus go gcuirtear feabhas ar an soláthar oideachais d'fhoghlaim. Mheas an chuid ba mhó de phríomhoidí (83%) go raibh ardleibhéal comhoibrithe ghairmiúil ann i measc múinteoirí ina scoil. Thuairiscigh céatadán comhchosúil de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (84%) agus de mhúinteoirí i mbunscoileanna (87%) go raibh ardleibhéal comhoibrithe ann i measc múinteoirí ina scoil. Luaigh múinteoir bunscóile amháin go bhfuil *'múinteoirí ag obair ar bhealach comhoibríoch éifeachtach chun sábháilteacht gach duine sa scoil a chinntiú'*.

Chuir geall le gach príomhoide (97%) in iúl go raibh ag éirí go maith leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ina scoil. Bhí gach múinteoir i scoileanna speisialta agus geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (96%) sásta lena gcuid teagaisc. Ina theannta sin, chuir gach múinteoir i scoileanna speisialta agus geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (96%) in iúl go bhfuair siad rochtain ar acmhainní ar líne chun tacú lena gcuid teagaisc. Chuir geall le gach múinteoir i scoileanna speisialta (92%) agus i mbunscoileanna (95%) in iúl go raibh na

hacmhainní sin úsáideach dóibh. Bhí tuairimí dearfacha ag geall le gach múinteoir i scoileanna speisialta (92%) agus i mbunscoileanna (93%) ar an dóigh a raibh foghlaimeoirí ag gabháil do na ceachtanna.

Cuirtear srianta díreacha ar scoileanna agus ar sheomraí ranga leis na ceanglais scartha fhisiciúil agus, dá bharr sin, bhí ar a lán múinteoirí na cineálacha cur chuige a ghlacann siad i leith an teagaisc a chur in oiriúint. Chuir tromlach na múinteoirí i scoileanna speisialta (72%) agus an chuid ba mhó de mhúinteoirí i mbunscoileanna (84%) in iúl go raibh siad ag úsáid cineálacha cur chuige teagaisc nach ionann iad agus na cinn a d'úsáid siad roimhe seo. Bhí muinín ag an gcuid ba mhó de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (83%) agus pas beag níos lú ná trí cheathrú de mhúinteoirí i mbunscoileanna (70%) nach ndearna sé sin aon difear diúltach do cháilíocht a gcuid teagaisc. D'aontaigh geall le gach príomhoide (97%) a ndearnadh suirbhé orthu gur tháinig athrú ar chineálacha cur chuige teagaisc de bharr na paidéime. D'ainneoin na n-athruithe i ngnáthshaol na scoile, ba dhearfach a bhí an-chuid de na tráchtanna a chuir tuismitheoirí in iúl maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaím. Chuir tuismitheoir bunscoile an tuairim seo a leanas in iúl, *'Tá jab iontach á dhéanamh ag an scoil chun gach rud a choinneáil normálta agus spráúil do na leanaí, agus tá an bheirt leanaí atá agam an-sásta ar scoil.'*

Chuir tromlach na bhfoghlaimeoirí (86%) i scoileanna in iúl go raibh siad ag baint taitneamh as a gceachtanna 'an t-am ar fad' nó 'an chuid is mó den am'. Chuir roinnt bheag foghlaimeoirí (13%) in iúl go raibh siad ag baint taitneamh as a gceachtanna 'ó am go ham'. Tugtar le fios sa treoir curaclaim ag an leibhéal bunscoile gur cheart deiseanna le haghaidh idirghníomhú sóisialta agus comhoibriú idir daltaí agus foghlaimeoirí a chur san áireamh in eispéiris phleanáilte foghlama. Chuir níos mó ná leath na múinteoirí i scoileanna speisialta (56%) agus níos mó ná trian amháin de mhúinteoirí i mbunscoileanna (36%) in iúl go raibh siad in ann leanúint le deiseanna a thabhairt dá gcuid foghlaimeoirí obair go comhoibríoch an t-am ar fad nó an chuid ba mhó den am le linn ceachtanna. Chuir dhá chúigiú de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (40%) agus níos mó ná leath na múinteoirí i mbunscoileanna (58%) in iúl gur thug siad deiseanna d'fhoghlaimeoirí obair go comhoibríoch ó am go ham.

Maidir leis an bhfoghlaím, d'aontaigh na freagraithe den chuid ba mhó go raibh foghlaimeoirí ag déanamh dul chun cinn. Mheas geall le gach príomhoide (97%) go raibh foghlaimeoirí ina scoil ag déanamh dul chun cinn. Mheas céatadán comhchosúil (92%) de mhúinteoirí i scoileanna speisialta agus de mhúinteoirí i mbunscoileanna go raibh foghlaimeoirí ina scoil ag déanamh dul chun cinn ina gcuid foghlama. D'aontaigh geall le gach tuismitheoir le foghlaimeoirí i scoileanna speisialta (91%) agus geall le gach tuismitheoir le foghlaimeoirí i mbunscoileanna (94%) go raibh a leanaí ag déanamh dul chun cinn. D'aontaigh an chuid ba mhó d'fhoghlaimeoirí (89%) freisin go raibh ag éirí leo ina gcuid foghlama. Chuir roinnt bheag foghlaimeoirí (10%) in iúl go raibh siad éiginnte faoina gcuid foghlama.

Cuid dhílis den phróiseas teagaisc agus foghlama is ea aiseolas ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaltaí ar cháilíocht a gcuid foghlama. D'aontaigh an chuid ba mhó

d'fhoghlaimoirí (81%) gur sholáthair a múinteoir aiseolas ar a gcuid foghlama. Bhí roinnt bheag foghlaimoirí (13%) éiginnte faoi cé acu ar thug nó nár thug a múinteoir eolas dóibh faoi conas a bhí ag éirí leo ina gcuid foghlama.

Ceanglaítear le Ciorclán 0074/2020⁷ ar gach scoil ardán cumarsáide agus foghlama a bheith i bhfeidhm acu lena dtacaítear leo freagairt do dhúnadh scoile páirteach nó iomlán. Tugtar cistiú deontais le haghaidh Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) do scoileanna chun tacú leo teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim. Sa bhliain 2020, eisíodh cistiú ab fhiú €100 milliún chuig scoileanna. Ba é sin an tráinse deiridh den phacáiste foriomlán €210 milliún le haghaidh bonneagar TFC a ndearnadh soláthar dó sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020*. Eisíodh cistiú le haghaidh TFC go díreach chuig scoileanna ar an tuiscint go raibh scoileanna níos ábalta na riachtanais TFC atá ag pobal a scoile a chinneadh. Eisíodh €50 milliún le haghaidh na scoilbhliana 2019-2020 i mí Aibreáin 2020 agus eisíodh €50 milliún sa bhreis i mí na Nollag 2020 le haghaidh na scoilbhliana 2020/21. Bhí na scoileanna in ann úsáid a bhaint as an gcistiú sin chun feidhmchláir nó ardáin a fháil ar mhaithe leis an gciánfhoghlaim agus cumarsáidí a chumasú agus chun gléasanna a thabhairt ar iasacht do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimoirí chun cabhrú leo gabháil don chianfhoghlaim.

Tugadh le fios sna cinntí ó na suirbhéanna go rabhthas an-dearfach faoin bhfáil ar theicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna agus faoin úsáid atá á baint astu. Chuir gach⁸ príomhoide in iúl go raibh ardán foghlama digití i bhfeidhm ag a scoil chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Is fiú a thabhairt faoi deara gur i bhfad níos lú ná sin a bhí an céatadán de mhúinteoirí a d'aontaigh leis an ráiteas sin. Luaigh an chuid ba mhó de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (84%) agus i mbunscoileanna (86%) go raibh ardán foghlama digití i bhfeidhm ag a scoil chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Chuir tromlach na múinteoirí i scoileanna speisialta (62%) agus i mbunscoileanna (64%) in iúl gur úsáid siad ardáin dhigiteacha go rialta ina gcuid teagaisc. Is díol suntais é gur dhearfaí fós a bhí dearchthaí na bpríomhoidí i leith na húsáide a bhí á baint ag múinteoirí as ardáin dhigiteacha. Thuairiscigh an chuid ba mhó de phríomhoidí (84%) gur úsáid múinteoirí ardáin dhigiteacha go rialta ina gcuid teagaisc. Mheas céatadán comhchosúil de phríomhoidí (86%) go bhféadfadh na foghlaimoirí ina scoil na hardáin dhigiteacha sin a úsáid. Bhí éagsúlacht níos mó ann sna freagraí ó mhúinteoirí. Luaigh mionlach suntasach de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (19%) agus an chuid ba mhó de mhúinteoirí i mbunscoileanna (86%) go raibh eolas ag na foghlaimoirí ina ranganna ar conas ardáin dhigiteacha a úsáid.

Ceanglaíodh ar scoileanna soláthar oiriúnaithe a dhéanamh d'fhoghlaimoirí nach raibh in ann fillleadh ar an scoil toisc go bhfuil siad deimhnithe ó thaobh leighis de a bheith i mbaol an-ard COVID-19. Bhí sé mar chuspóir leis an soláthar oiriúnaithe oideachais sin a chinntiú

⁷ Tá Ciorclán 0074/2020: *Cumarsáid/Ardán Teagasc agus Foghlama* ar fáil [anseo](#).

⁸ Baintear úsáid as an téarma 'gach' ar fud na tuairisce seo chun ráta freagartha 100% a léiriú.

go bhféadfadh foghlaimeoirí atá deimhnithe ó thaobh leighis de a bheith i mbaol an-ard an víris ceangal fiúntach a bheith acu lena rang agus lena scoil chun go mbeadh siad in ann leanúint go rathúil lena gcuid foghlama ón mbaile. Tugtar breac-chuntas ar na tacaí atá ar fáil don chohórt foghlaimeoirí sin sa doiciméad dar teideal *Leanúnachas scolaíochta: Ag tacú le daltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19*.⁹ Áiríodh cohórt beag foghlaimeoirí atá deimhnithe ó thaobh leighis de a bheith i mbaol an-ard COVID-19 le roinnt de na scoileanna a roghnaíodh le haghaidh páirt a ghlacadh sna suirbhéanna ar phríomhoidí. D'aontaigh gach príomhoide a bhfuil foghlaimeoirí i mbaol an-ard acu go raibh bearta i bhfeidhm acu chun a chinntiú go bhféadfadh na foghlaimeoirí sin leanúint lena gcuid foghlama. Tríd is tríd, léiríodh sna freagraí ar na suirbhéanna go raibh an tacaíocht sin á soláthar ag múinteoirí ranga príomhshrutha, ag múinteoirí riachtanas speisialta oideachais agus ag múinteoirí a bhí ag obair ón mbaile iad féin toisc gur ainmníodh iad a bheith i mbaol an-ard COVID-19.

4.4 Bearta COVID-19 a chur chun feidhme

Ceanglaíodh ar scoileanna cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta éagsúla chun an riosca go dtarchuirfí an t-ionfhabhtú a íoslaghdú agus a bhainistiú. Léirítear sna freagraí ar na suirbhéanna go raibh na bearta a bhí riachtanach chun leathadh COVID-19 i scoileanna a chosc á gcur chun feidhme go leathan. Léiríodh é sin freisin sna cuairteanna cigireachta 'Ag Tacú le Soláthar Sábháilte na Scolaíochta' ar sheol an Chigireacht iad thar ceann an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. D'aontaigh gach príomhoide, gach múinteoir i scoileanna speisialta agus geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (98%) go raibh beartas COVID-19 i bhfeidhm ag a scoil. D'aontaigh gach príomhoide, gach múinteoir i scoileanna speisialta agus geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (98%) gur cheap a scoil príomhionadaí oibrithe. D'aontaigh gach príomhoide go raibh siad ag coinneáil loga rianaithe teagmhála ar bun. D'aontaigh geall le gach príomhoide (97%) go raibh beartas ag a scoil maidir le cuairteoirí ar an bhfoirgneamh scoile. D'aontaigh gach príomhoide go bhfuil seomra leithlise ainmnithe ag a scoil de réir mar is gá.

Chuir príomhoidí in iúl go raibh leibhéal an-ard chomhoibrithe ann i measc foghlaimeoirí, múinteoirí agus tuismitheoirí le socruithe na scoile maidir le COVID-19. D'aontaigh geall le gach foghlaimeoir (98%) gur chabhraigh a múinteoirí agus aosaigh eile sa scoil leo cloí le rialacha na scoile maidir le cosc agus leathadh an ionfhabhtaithe. Bhí gach príomhoide agus gach múinteoir i scoileanna speisialta agus geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (97%) ar an eolas faoi na bearta ba cheart a dhéanamh i gcás go bhféadfadh go mbeadh siomptóim COVID-19 ar fhoghlaimeoir ina scoil. Bhí geall le gach tuismitheoir le foghlaimeoirí i scoileanna speisialta (95%) agus i mbunscoileanna (97%) ar an eolas faoi na gníomhartha a dhéanadh an scoil dá dtiocfadh tinneas ar a leanbh le linn an lae scoile. Dúirt tuismitheoir amháin: *'An-sásta le conas a dhéileáil ár [scoil ainmnithe] le cás deimhneach*

⁹ Tá an chomhairle ón Roinn Oideachais maidir le bunscoileanna agus scoileanna speisialta a athoscailt ar fáil ag an nasc seo: <https://www.gov.ie/ga/foilsiuhan/leanunachas-scolaiochta-ag-tacu-le-daltai-ata-in-an-ardriosca-ag-covid19/>.

Covid. Déileáladh go sármhaith leis agus rinneadh cumarsáid den scoth le gach tuismitheoir. D'aontaigh geall le gach foghlaimeoir (94%) gur fhan siad san aon ghrúpa amháin sa seomra ranga an t-am ar fad nó an chuid ba mhó den am. Luaigh ardchéatadán comhchosúil d'foghlaimeoirí (98%) gur fhan siad le foghlaimeoirí óna seomra ranga féin agus iad sa chlós. D'aontaigh trí cheathrú d'foghlaimeoirí (75%) gur chloígh an chuid ba mhó de dhaltaí ina seomra ranga le rialacha na scoile maidir le scaradh fisiciúil. Dúirt níos lú ná cúigiú amháin d'foghlaimeoirí (19%) gur tharla sé sin ar bhonn níos annaimhe nó ó am go ham.

Chuir gach múinteoir i scoileanna speisialta agus geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (94%) in iúl gur thug siad faoi oiliúint COVID-19 ar sholáthair an Roinn Oideachais í. D'aontaigh gach múinteoir i scoileanna speisialta, geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (99%) agus gach príomhoide go raibh díghalrán láimhe ar fáil ag an bpríomhbhealach isteach chun a scoile. Dheimhnigh céatadán chomhchosúla de na freagraithe sin go raibh díghalrán láimhe i seomraí ranga ag a scoil. Chuir an chuid ba mhó de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (84%) agus geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (97%) in iúl gur dhíghalraigh na foghlaimeoirí ina rang a lámha ar dhul isteach san fhoirgneamh scoile dóibh an chuid ba mhó den am nó ar bhonn níos minice fós. Chuir céatadán chomhchosúla de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (80%) agus i mbunscoileanna (97%) in iúl gur dhíghalraigh siad a lámha go rialta le linn an lae scoile. Deimhníodh é sin tuilleadh sna freagraí ó foghlaimeoirí. D'aontaigh geall le gach duine díobh (94%) gur úsáid foghlaimeoirí ina seomra ranga díghalrán láimhe i gcónaí ar dhul isteach san fhoirgneamh scoile dóibh. De bhreis ar dhíghalrán láimhe a úsáid ar maidin, d'aontaigh tromlach na bhfoghlaimeoirí (65%) gur úsáid siad díghalrán láimhe an t-am ar fad ar fud an lae. Chuir ceathrú amháin d'foghlaimeoirí (25%) in iúl gur úsáid siad díghalrán an chuid ba mhó den am agus níor chuir ach roinnt bheag foghlaimeoirí (9%) in iúl gur úsáid siad díghalrán ó am go ham le linn an lae scoile.

Luaigh geall le gach tuismitheoir le foghlaimeoirí i scoileanna speisialta (97%) agus geall le gach tuismitheoir le foghlaimeoirí ag an leibhéal bunscoile (96%) go raibh scoil a leanaí ag obair go héifeachtach chun tabhairt isteach agus tarchur an ionfhabhtaithe a chosc. Bhí fianaise ann á thabhairt le tuiscint go raibh cumarsáid an-éifeachtach ar bun idir scoileanna agus tuismitheoirí maidir le prótacail COVID-19. Sna tráchtanna ó thuismitheoirí, moladh an dóigh ar chinntigh scoileanna go raibh tuismitheoirí ar an eolas agus cothrom le dáta le cúrsaí. Dúirt tuismitheoir amháin go raibh scoil a linbh '*... go hiontach fud fad na paidéime seo. Tá sí ag déanamh cumarsáid shoiléir, oscailte agus rialta le tuismitheoirí. Míníodh na gníomhartha uile go hiomlán agus ar mhaithe le folláine ár leanaí. Chuaigh mo leanaí i dtaithe ar na himthosca mar thoradh ar gach a bhfuil ag tarlú agus is amhlaidh sin de bharr na mball foirne tacúil tiomnaithe sa scoil.*

Chuir tuismitheoirí in iúl go raibh siad ar an eolas faoi na bearta a rinne scoil a linbh chun leathadh an víris a chosc. D'aontaigh tromlach na dtuismitheoirí le foghlaimeoirí i scoileanna speisialta (57%) gurbh eol dá leanbh rialacha na scoile maidir le tarchur an ionfhabhtaithe a chosc. B'ionann an figiúr inchoimparáide do bhunscoileanna agus 98%. Chuir geall le gach tuismitheoir le foghlaimeoirí i scoileanna speisialta (98%) agus geall le gach tuismitheoir le

foghlaimoirí i mbunscoileanna (99%) in iúl go raibh siad ar an eolas faoi na bearta ar cheart cloí leo i gcás gur gá dóibh teagmháil a dhéanamh leis an scoil. Mar an gcéanna, d'aontaigh an chuid ba mhó de na tuismitheoirí le foghlaimoirí i scoileanna speisialta (89%) agus geall le gach tuismitheoir le foghlaimoirí ag an leibhéal bunscoile (93%) gur chuir scoil a leanaí ar an eolas iad faoi na nósanna imeachta ar cheart cloí leo i gcás gur mian leo cuairt a thabhairt ar áitreabh na scoile.

Dheimhnigh gach príomhoide, an chuid ba mhó de mhúinteoirí i scoileanna speisialta (84%), agus geall le gach múinteoir i mbunscoileanna (94%) go raibh plean i bhfeidhm acu chun a chinntiú go bhféadfadh foghlaimoirí leanúint lena bhfoghlaim i gcás dúnadh scoile páirteach nó iomlán.

5. Cinntí agus conclúidí

5.1 Príomhchinntí

Eispéireas na scoileanna

Tugadh le fios sna cinntí ó na suirbhéanna gur lean scoileanna ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach ar fud an chéad téarma den scoilbhliain 2020/21, tar éis dóibh athoscailt go rathúil i mí Mheán Fómhair. D'aontaigh foghlaimeoirí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí gur thréimhse í seo ina raibh scoileanna ag feidhmiú go héifeachtach agus gur shocraigh foghlaimeoirí go maith isteach sa scoil. Mheas geall le gach tuismitheoir le naíonáin shóisearacha go raibh a leanaí ag aistriú go rathúil isteach ina scoil nua.

